



*Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh:*

Beartas agus Straitéis maidir le  
Damhsa 2018

## Cur Síos Ginearálta agus Comhthéacs

Tá ról na Comhairle Ealaíon lárnach maidir le bonneagar náisiúnta i gcomhair damhsa a sholáthar in Éirinn. Tacaíonn sí freisin le healaíontóirí damhsa chun saothar a chruthú, agus foráil a dhéanamh dá réir sin, chun rannpháirtíocht an phobail leis an bhfoirm ealaíne a fhorbairt, do lucht féachana agus do rannpháirtithe gníomhacha araon.

Tá ról suntasach ag an damhsa i dtírdhreach cultúrtha na hÉireann. In éineacht le beogacht an tsaothair a léiríonn ealaíontóirí agus compántais ghairmiúla a fhaigheann tacaíocht ón gComhairle Ealaíon, tá an tóir atá ar dhamhsa agus an cumas atá ann i gcomhair breis forbartha le feiceáil freisin sna gníomhaíochtaí amaitéarachacha éagsúla, i measc grúpaí óige, ranganna caitheamh aimsire agus damhsa i gcomhthéacs sóisialta. Ag glacadh leis go n-áirítear le raon na rannpháirtithe daoine ó chúlraí sóisialta difriúla, aoiseanna, cumais agus taitní dhifriúil, is féidir féachaint ar an damhsa mar cheann de na foirmeacha ealaíne is fairsinge a chleachtar agus is uilechuimsithí go sóisialta sa tír seo.

Cuimsítear éagsúlacht leathan foirmeacha sa tírdhreach damhsa – idir dhamhsa sráide agus dhamhsa bálseomra, agus teicnící bailé go teicnící nua-aimseartha.

Cé nach dtugann an Chomhairle Ealaíon tús áite go sonrach do réimse amháin cleachtais thar cheann eile, agus go bhfuil sí chomh tiomanta céanna d'fhorbairt an damhsa is cuma cén fhoirm ina bhfuil sí, bhí patrúin stairiúla tacaíochta dírithe go príomha ar bhailé clasaiceach agus ar dhamhsa comhaimseartha.

Déanann an Chomhairle Ealaíon idirdhealú idir cleachtas damhsa gairmiúil agus pobalbhunaithe, cé go dtuigtear go gcruthaítear contanam leis na réimsí breise cleachtais seo agus go mbíonn siad idircheangailte go minic le saothar compántas/ealaíontóirí gairmiúla a fhaigheann tacaíocht ón gComhairle Ealaíon.

Sainníonn an Chomhairle Ealaíon dhá réimse tosaíochta beartais in [Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh: an t-ealaíontóir](#) agus [rannpháirtíocht an phobail](#). D'fhonn na réimsí tosaíochta sin a chur ar fáil i ndamhsa, glacfaidh an Chomhairle an cur chuige seo a bhfuil cuntas air thíos sna trí bliana seo romhainn. Mar sin féin, beidh tionscnaimh aonair ag brath ar thacaíochtaí bainistíochta tionscadal breise a sholáthar agus ar acmhainní airgeadais iomchuí a infheistiú.

## Ealaíontóirí Rince

I dtéarmaí ealaíontóirí damhsa, bíonn an Chomhairle Ealaíon tógtha lena chinntiú go bhfuil na struchtúir agus na córais riachtanacha i bhfeidhm chun deiseanna forbartha stuama a thabhairt dóibh mar ealaíontóirí. Mar chuid de sin soláthrófar sainspásanna stiúideo, scaipfear seónna damhsa níos fairsinge ar fud na tíre, agus cinnteofar go gcuirfear raon leathan tacaíochtaí gairmiúla ar fáil d'ealaíontóirí aonair agus do chompántais léiriúcháin.

Is féidir le healaíontóirí damhsa leas a bhaint as tacaíochtaí díreacha trí [Dámhachtainí Tionscadail](#), [Dámhachtainí Ealaíontóirí](#) agus [Scéimeanna Cónaitheachta](#), a bhfuil sé mar aidhm acu sa deireadh thiar cúlra cobhsaí a chur ar fáil chun damhsa a chleachtadh i raon leathan formáidí.

Tacaíonn an Chomhairle Ealaíon leis an mbonneagar riachtanach a theastaíonn chun an damhsa a chothú agus a fhorbairt in Éirinn trína [Maoiniú Straitéiseach](#) do phríomheagraíochtaí, agus, mar aon le [Maoiniú Deontais do na hEalaíona](#), cuireann sí deiseanna, acmhainní agus seirbhísí ar fáil d’ealaíontóirí damhsa.

***Agus í ag tabhairt breis tacaíochta d’ealaíontóirí, déanfaidh an Chomhairle Ealaíon na nithe seo a leanas as seo go ceann trí bliana:***

- Oibreoidh sí i gcomhairle le raon leathan páirtithe leasmhara, lena n-áirítear eagraíochtaí maoinithe, chun straitéis nua, chomhroinnte a fhorbairt ina gcothaítear forbairt an damhsa in Éirinn thar thréimhse cúig bliana. Beidh comhairliúchán leis an bpobal gairmiúil damhsa ina cuid lárnach den phróiseas sin. Is iad seo na réimsí ar a ndéanfar machnamh:
  - Raon agus na cineálacha tacaíochtaí a thairgeann eagraíochtaí acmhainne agus seirbhíse atá maoinithe ag an gComhairle Ealaíon.
  - Tacaíocht don príomhbhonn saineolais chóiréagrafach.
  - Samhlacha inbhuanaithe agus cothroma chun tacaíocht a thabhairt d’ealaíontóirí damhsa ag céimeanna difriúla dá ngairmeacha beatha, lena n-áirítear machnamh ar thacaíocht beartais/abhcóideachta i gcomhair deiseanna oiliúna iarchéime.
- Athbhreithniú ar thacaíochtaí ealaíontóirí reatha i gcomhthéacs na cáipéise *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh* agus riachtanais earnáil an damhsa.

## Rannpháirtíocht an Phobail agus Damhsa

Sa réimse a bhaineann le rannpháirtíocht an phobail, is spéis leis an gComhairle Ealaíon tuiscint níos fearr a fháil ar chineál agus ar scála na rannpháirtíochta poiblí i ndamhsa, agus freastal ar dhamhsa.

Níl aon chóras éifeachtach ann i láthair na huaire a bhailíonn sonraí cuimsitheacha, iontaofa maidir le lucht féachana a bhaineann le rannpháirtíocht an phobail sa damhsa. Le blianta beaga anuas ba é an príomhfhoinsé staitisticí an tuarascáil ar fhreastal ar na healaíona in Éirinn (2013) agus na tuarascálacha maidir leis na healaíona i saol na hÉireann (2014, 2015, 2016), ina mbreathnaítear ar na sonraí a bailíodh ón suirbhé bliantúil *Target Group Index*. Cé go bhfuil roinnt eolais maidir le damhsa comhaimseartha agus bailé sna cáipéisí sin, tá a raon sách teoranta agus ní dhírítear ach amháin ar an tuairim maidir le ‘lucht féachana ag faire’ seachas ar shainmhíniú níos leithne de rannpháirtíocht an phobail.

Bíonn eagraíochtaí a fhaigheann tacaíocht trí [Maoiniú Straitéiseach](#) ag gabháil go díreach do raon straitéisí ar rannpháirtíocht an phobail trí chláreagrú, rannpháirtíocht, coimisiúnú agus cruthú. Tugann an obair sin deis do dhaoine ar fud na tíre agus i raon comhthéacsanna a bheith ag gabháil d’obair nach mbeadh indéanta murach sin.

**Agus rannpháirtíocht an phobail á forbairt tuilleadh, déanfaidh an Chomhairle Ealaíon na rudaí seo a leanas as seo go ceann trí bliana:**

- Déanfaidh sí coimisiúnú ar staidéar a bhfuil sé mar aidhm leis tuiscint níos fearr a fháil ar lucht féachana damhsa, agus rannpháirtíocht an phobail le damhsa agus sin i dtaca le gníomhaíochtaí a fhaigheann maoiniú poiblí. Beidh siad a leanas san áireamh:
  - Anailís ar shonraí lucht féachana atá ar fáil i gcáipéisíocht, i dtuarascálacha agus in iarratais reatha na Comhairle Ealaíon thar thréimhse deich mbliana.
  - Idirdealú níos soiléire a dhéanamh idir réimsí cleachtais damhsa (e.g. bailé, téatar damhsa, etc.) agus cineálacha rannpháirtíochta pobail (e.g. ranganna, seónna, ceardlanna, etc.) agus rannpháirtíocht an phobail laistigh de na réimsí cleachtais difriúla.
- Leanfar ag tabhairt tacaíochta airgeadais díri trí na gníomhaíochtaí rannpháirtíochta poiblí sin arna seachadadh ag daoine aonair agus ag eagraíochtaí a mhaoinítear trí chlár mhaoinithe reatha.

## Sainréimsí Forbartha Damhsa

Tá roinnt saincheistanna eile atá tábhachtach don Chomhairle Ealaíon dul i ngleic leo d'fhonn forbairt na foirme ealaíne agus seánraí sonracha a choimeád agus chun leanúint dóibh.

Is réimse beartais é an bailé a bhfuil spéis ann i gcónaí. D'ainneoin a thábhacht agus an t-éileamh mór a bhíonn air, tá an bailé fós ina fhoirm ealaíne atá tearcfhorbartha as cuimse in Éirinn. Príomhlaige san earnáil go bhfuil forbairt sholáthar an bhailé amach anseo neamhchinnte go bunúsach fós. Chomh maith leis sin, tá sí fós ag brath an iomad ar thiomantas pearsanta agus gairmiúil roinnt daoine aonair.

**Chun dul i ngleic leis sin, déanfaidh an Chomhairle Ealaíon na rudaí seo a leanas as seo go ceann trí bliana:**

- Gheobhaidh sí ciste a bheidh dírithe ar chóiréagrafaithe nua a chothú. Cuirfear na tacaíochtaí sin ar fáil trí chomhpháirtíocht le heagraíocht reatha. Leis an tionscnamh comhpháirtíochta sin beifear in ann tallann nua cruthaitheach a fhorbairt sa bhailé agus éagsúlacht lucht féachana a chothú.

**Sa réimse a bhaineann le daoine óga, leanaí agus oideachas, déanfaidh an Chomhairle Ealaíon na rudaí seo a leanas as seo go ceann trí bliana:**

- Leanfaidh sí ag tabhairt tacaíochta airgeadais do ghníomhaíochtaí óige a chomhlánaíonn clár bhliantúla arna seachadadh ag compántais agus ag eagraíochtaí gairmiúla damhsa.
- Oibreoidh sí i gcomhpháirt le hearnáil an damhsa in iarracht an damhsa a bhaint amach as an gcuraclam corpoideachais agus é a bhunú mar ábhar staidéir ar leithligh.

**Sa réimse idirnáisiúnta, déanfaidh an Chomhairle Ealaíon na rudaí seo a leanas as seo go ceann trí bliana:**

- Leanfaidh sí ag spreagadh comhléirithe agus malairte idirnáisiúnta laistigh de na tosaíochtaí maoinithe atá leagtha síos sa Dámhachtain do Thionscadail Damhsa.

- Leanfaidh sí ag tabhairt tacaíochta do chónaitheachtaí idirnáisiúnta agus deiseanna forbartha gairmiúla tríd an Dámhachtain Taistil agus Oiliúna.
- Leanfaidh sí ag tabhairt tacaíochta d'eagraíochtaí damhsa a bhíonn ag gabháil do thionscadail arna maoiniú ag an AE.